**An Bord Iniúchóireachta**

**Cruinniú an 21 Bealtaine 2020 – miontuairiscí**

I láthair: Seamus McCarthy, An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Colette Drinan, Rúnaí agus Stiúrthóir Iniúchóireachta
Andy Harkness, Stiúrthóir Iniúchóireachta
Patricia Sheehan, Stiúrthóir Iniúchóireachta
Deirdre Quaid, Leas-Stiúrthóir na Lársheirbhísí, rúnaí an Bhoird

**1. Glacadh leis an gclár oibre**

Glacadh leis an dréachtchlár oibre mar a scaipeadh é.

**2. Coinbhleachtaí leasa le tabhairt faoi deara**

Níor tuairiscíodh aon choinbhleachtaí leasa maidir leis na míreanna a bhí le plé ag an gcruinniú.

**3**. **Miontuairiscí an chruinnithe roimhe agus na nithe a d'éirigh as**

Glacadh le miontuairiscí an chruinnithe roimhe a tionóladh an 20 Márta 2020.

**4. Rioscaí atá ag teacht chun cinn**

Thug an Bord faoi deara gurb amhlaidh, go dtí go mbunófar rialtas nua, nach raibh aon vóta Dála ann le haghaidh éifeacht dhlíthiúil a thabhairt do mheastacháin na bliana 2020. Leis an Acht Príomh-Chiste (Forálacha Buana) 1965, cuirtear teorainn leis na méideanna is féidir a chaitheamh ar gach seirbhís ag 80% de na suimeanna a leithreasaíodh sa bhliain roimhe sin go dtí go ritheann an Dáil na meastacháin. Cé gur leor an riail 80% de ghnáth chun maoiniú na seirbhísí de chuid na roinne a chothabháil go dtí go vótálfar an meastachán, beidh costais ardaithe le híoc ag ranna agus oifigí rialtais de bharr phaindéim reatha Covid-19 agus d'fhéadfadh nár leor an riail 80% ina leith. Go háirithe, mhéadaigh an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí (RGFCS) a caiteachas mar gheall ar íocaíochtaí dífhostaíochta phaindéim Covid-19 a dháileadh. D'aontaigh an Stiúrthóir freagrach le nóta a sholáthar ar an gcaoi a bhfuil leithreasaí na bliana reatha á mbainistiú sa Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí agus chomhaontaigh an Bord lena thabhairt faoi deara gur riosca atá ag teacht chun cinn é an fhéidearthacht nár leor an soláthar 80%.

Mar gheall ar an imeacht ama agus ar an nglacadh leis an obair ón mbaile, thug an Bord faoi deara freisin go bhféadfadh sé go mbeadh sé tráthúil meabhrúchán a thabhairt d'fhoireann uile na hOifige maidir le slándáil sonraí, idir shonraí fisiciúla agus shonraí fíorúla, a bhainistiú agus iad ag obair ón mbaile. Rachaidh rúnaí an Bhoird i ngleic leis an riosca trí Oifigeach Cosanta Sonraí na hOifige agus déanfar breithniú ar fhormáid físteachtaireachta a úsáid.

**5. An t-eolas is deireanaí ar Covid-19**

Scaip Rúnaí na hOifige plean athraithe chun dáta um fhilleadh ar an obair ar an mBord an 20 Bealtaine 2020 agus roinnfear an plean leis an mbord bainistíochta agus leis an gcomhpháirtíocht an 22 Bealtaine 2020. Scaipeadh an treoir ón Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (ÚCNÉ) dar teideal '*Covid-19 Workplace Protection and Remediation Guide*' *(An Treoir um Ionad Oibre an Covid-19 a Chosaint agus a Fheabhsú)* ar an bhfoireann riachtanach agus tá an t-aonad saoráidí ag obair tríd an doiciméad agus ag gníomhú na riachtanas lena mbaineann. Luaitear sa '*Roadmap for Community and Business Reopening*' *(An Treochlár um Athoscailt an Phobail agus an Ghnó)* ón Rialtas go mbeidh gá fadtéarmach leis an scaradh fisiciúil agus, dá bhrí sin, nach mór aghaidh a thabhairt go hiomlán ar an riosca sin a bhainistiú i limistéir ardtráchta ar áitribh na hOifige agus ar na gníomhartha atá molta sa treoir ón ÚCNÉ sula bhféadfadh an fhoireann uile filleadh ar an obair ar an áitreabh. Seolfar an plean athraithe chun dáta um fhilleadh ar an obair trí ríomhphost chuig gach ball foirne an 29 Bealtaine 2020.

Thug an Bord faoi deara gur ghlac 52% d'fhostaithe páirt sa chéad suirbhé 'Employee Pulse' agus tá sé le hathdhéanamh gach coicís chun aon athrú i bhfolláine agus inniúlachtaí na foirne sa chianobair a thomhas. Léiríodh i dtorthaí an chéad suirbhé nach raibh an obair ón mbaile ag cur isteach ar an gcuid is mó den fhoireann. Thuairiscigh na Stiúrthóirí go raibh leisce intuigthe ar bhaill foirne úsáid a bhaint as an iompar poiblí, gur beag an tionchar a bhí ag an obair ón mbaile ar an táirgiúlacht agus go raibh siad sásta i gcoitinne leanúint ar aghaidh leis na socruithe cianoibre.

**6. Gníomhartha an Bhoird Iniúchóireachta (Páipéar A)**

Luaigh rúnaí an Bhoird nár cuimsíodh sa pháipéar gníomhartha a d'eascair as cruinniú mhí Feabhra agus gheall sí go ndéanfadh sí an páipéar gníomhartha a athrú chun dáta agus a scaipeadh ar an mBord faoin 27 Bealtaine 2020.

**7. Clár tuairiscithe (Páipéar B)**

Dúirt an Stiúrthóir go raibh an stádas ag roinnt de na tuarascálacha a luadh sa pháipéar tar éis dul ar aghaidh agus gur cheart iad a athrú chun dáta. D'iarr an Bord go gcuirfí ar áireamh sa pháipéar don chéad chruinniú eile catagóir eile i bpáipéar an chláir tuairiscithe maidir leis na caibidlí/na saincheisteanna nach raibh an Coiste um Chuntais Phoiblí ag tabhairt fúthu go fóill. Ligfidh sé sin don Bhord an líon tuarascálacha a síníodh sa bhliain go dtí seo a thabhairt faoi deara chomh maith. Thug an Bord faoi deara go raibh gá leis na táirgí speisialta a bhí le cur ar fáil sa bhliain 2021 a scópáil faoi mhí Dheireadh Fómhair 2020.

Bhí 34 bhall foirne leithdháilte ar an tuairisciú sa bhliain 2019, agus méadaíodh an líon go 38 mball foirne don bhliain 2020 tar éis an phróisis meastachán. Bhí 30 ball foirne leithdháilte ar an tuairisciú i mí Eanáir 2020 (17% de na coibhéisí lánaimseartha),

ach laghdófar é sin go 23 bhall foirne (16% de na coibhéisí lánaimseartha) i mí na Bealtaine/mí an Mheithimh mar gheall ar éirí as oifig, ar shaoire mháithreachais, ar bheirt bhall foirne a aistriú go buan chuig an iniúchóireacht agus ar thriúr ball foirne a aistriú go sealadach chuig an bhfeidhm iniúchóireachta agus eagarthóireachta ar thabhairt na dtuarascálacha chun críche. Is ionann an leibhéal laghdaithe foirne i mí an Mheithimh 2020 agus 16% d'fhoireann na hOifige atá ar fáil. Beidh tionchar aige sin ar an bplean chun scópáil a dhéanamh sa tríú ráithe den bhliain 2020.

**8. An clár iniúchóireachta airgeadais**

Thug an Bord faoi deara go ndírítear faoi láthair ar na hiniúchtaí sin a bhfuil ceanglas reachtúil ann iad a chríochnú faoi dheireadh mhí an Mheithimh. Breithneofar teorannú na cáilíochta scóipe i gcás nach bhfuil cliaint iniúchóireachta in ann fós ann freastail ar an iniúchadh.

Mhol an Bord freisin go mbainfí tairbhe as glanadh na n-iniúchtaí a thuairisciú de réir seachtaine seachas de réir míosa chun an dul chun cinn a rinneadh bliain i ndiaidh bliana a léiriú ar bhealach níos fearr.

Thug an Bord faoi deara an gá atá le sainmhínithe ar thráthúlacht a athscrúdú i gcomhthéacs an bhrú leanúnaigh (straitéisigh) chun críochnú níos tráthúla a bhaint amach. Is í an earnáil is mó a ndéantar difear di ná an earnáil 3ú leibhéal agus, sa chomhthéacs sin, tá gá ann leis na nithe seo a athscrúdú:

- Na treoirlínte a leag an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste síos d'ollscoileanna agus d'institiúidí teicneolaíochta maidir le cuntais a chur isteach (de ghnáth, bíonn mí sa bhreis acu lena leithéid a dhéanamh ná na comhlachtaí eile)
- conas a shainmhíníonn an Oifig riaráistí agus impleachtaí i leith eintitis san earnáil 3ú leibhéal a bhfuil deireadh bliana i mí Mheán Fómhair acu mura ndeimhnítear iad laistigh 12 mhí ó dháta deiridh na tréimhse.

Ba cheart don Oifig a bheith ag scríobh chuig eintitis san earnáil 3ú leibhéal chun aon athrú atá beartaithe a chur in iúl. Déanfaidh an Stiúrthóir atá freagrach as an earnáil 3ú leibhéal doiciméad a fhorbairt lena phlé leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

**9. Iniúchtaí nua/deiridh (Páipéar C)**

D'iarr an Bord go gcuirfí an cineál comhlachta le tábla na n-iniúchtaí nua chun a léiriú cárbh as ar tháinig an maoiniú e.g., comhlacht leathstáit, vóta, ciste roinne.

Thug an Bord na nithe seo faoi deara:

- Sannfar Comhairle na mBreithiúna don Leas-Stiúrthóir atá freagrach as an ngrúpa Ceartais.
- Níor ritheadh an reachtaíocht fós maidir leis an nGníomhaireacht um Fhorbairt Talún agus, mar sin de, ní bheidh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste mar iniúchóir di. Tabharfaidh a leithéid amach as sainchúram an Choiste um Chuntais Phoiblí í. Ba cheart é sin a lua sa chaibidil ar an rialtas áitiúil den tuarascáil bhliantúil.

- Tá an líon fochuideachtaí de chuid Bhord na gCon laghdaithe ó dheich gcinn go trí cinn.
- Tá trí riaráiste i ndán do CURB agus ba cheart iad a chur ar áireamh sa tuarascáil tráthúlachta. Ba cheart don Roinn Airgeadais tagairt a dhéanamh freisin don riaráiste sin sa rannán maidir leis na comhlachtaí atá faoina coimirce dá cuntas leithreasa.

D'aontaigh rúnaí an Bhoird le ríomhphost a scaipeadh ar na Leas-Stiúrthóirí go léir chun sonraí a iarraidh faoi aon chuntais dhíomhaoine nó ar na cuntais sin nach bhfuil feidhm leo a thuilleadh. Nuair a bheidh sé curtha le chéile, cuirfear an liosta sin leis an bpáipéar nua/deiridh don chéad chruinniú eile.

Ní bhainfidh tuarascáil um fhaire na fáistine an dlí ach le píosaí reachtaíochta ina luaitear an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Beidh nóta gairid ó rúnaí an Bhoird le tabhairt sa tuarascáil do chruinnithe amach anseo, ar nóta é ina dtarraingeofar aird ar na ranna níos ábhartha den tuarascáil mar go dtiocfaidh méadú suntasach ar an reachtaíocht a théann tríd an Dáil tar éis an rialtas nua a chur le chéile.

**10. Iniúchtaí beartaithe le haghaidh Athbhreithniú Rialú Cáilíochta Rannpháirtíochta (Páipéar D)**

Cheadaigh an Bord Iniúchóireachta na hiniúchtaí a moladh le haghaidh Athbhreithniú Rialú Cáilíochta Rannpháirtíochta, faoi réir cur ar áireamh an Choláiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha a chur bliain amháin siar chun an t-ualach oibre a chothromú. Ghlac an Bord freisin le roinnt mionathruithe ar chur i láthair na dtáblaí.

**11. Tuarascáil Idirnáisiúnta (Páipéar E)**

Phléigh an Bord an dréacht-tuarascáil idirnáisiúnta agus ghlac sé gur cheart an tuarascáil a athfhormáidiú agus a athrú chun dáta chun rannán ar Eagraíocht Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúchóireachta a chur ar áireamh. Ina theannta sin, ba cheart an tuarascáil a sheiceáil i gcoinne na dtuarascálacha ráithiúla taistil do na Stiúrthóirí agus don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste chun a chinntiú gur léirithe atá gach comhdháil ar ar freastalaíodh. Thug an Bord faoi deara gurb amhlaidh, a luaithe a bheidh na gníomhartha thuas tugtha chun críche, a scaipfidh rúnaí an Bhoird an tuarascáil cheadaithe ar na comhaltaí lena tabhairt faoi deara acu faoin 27 Bealtaine 2020. Déanfar athbhreithniú ar fhormáid na tuarascála mar chuid de thuarascáil na bliana 2020.

Tríd is tríd, chinn an Bord nach n-iarrfaí ar fhoireann na hOifige taisteal chun críocha gnó go dtí deireadh na bliana ar a laghad. Mhol an Bord freisin gur cheart a mheabhrú dóibh siúd a fhreastalaíonn ar chomhdhálacha go cianda faoin gceanglas chun tuairisceán a líonadh isteach ina gcuirfear síos ar an bhfoghlaim ag an imeacht agus gur cheart é sin a phostáil ar an inlíon.

**12. An Tuarascáil ón Stiúrthóir Faireacháin agus Eitice (Páipéar F)**

Thug an Bord an páipéar faoi deara agus d'iarr sé go ndéanfaí é a bhriseadh síos ina thrí phríomhchuid – faireachán ar cháilíocht ar iniúchóireacht airgeadais, faireachán ar cháilíocht an thuairiscithe, agus an chuid deiridh ar an eitic. A luaithe a bheidh an tuarascáil coigeartaithe, scaipfidh rúnaí an Bhoird an tuarascáil cheadaithe ar na comhaltaí

le tabhairt faoi deara acu faoin 27 Bealtaine 2020. Déanfar formáid na tuarascála a athbhreithniú le haghaidh thuarascáil na bliana 2020 chun athbhreithniú a dhéanamh ar struchtúr na tuarascála agus déanfar struchtúr thuarascáil na Comhairle Tuairiscithe Airgeadais a bhreithniú, ar tuarascáil í lena n-áirítear tuilleadh grafaicí mar chuid den athbhreithniú sin.

**13. An Tuarascáil Feidhmíochta (Páipéar G)**

Thug an Bord an dréacht-tuarascáil faoi deara agus d'iarr sé:

- gur cheart tagairt do Covid-19 a dhéanamh sa réamhrá, e.g.,.: '*De réir mar a fhorbraítear an ráiteas straitéise, cuirfidh an Oifig san áireamh gur dócha go mbeidh tionchar ag Covid-19 ar fheidhmíocht sa bhliain 2020 agus go mbeidh i bhfad níos mó cianoibre i gceist leis dá bharr*.'
- gur cheart rannpháirtíocht na hOifige in INCOSAI XXIII sa bhliain 2019 a lua sa rannán idirnáisiúnta den tuarascáil.
- nach mór tuilleadh mionsaothraithe a dhéanamh ar an bhfaisnéis faoin mbearna inscne pá trí na sainmhínithe a leagan amach.

Thug an Bord faoi deara go bhfuil an tuarascáil feidhmíochta le rith ag an gCoiste Iniúchóireachta sula bhfoilseofaí í. Ba cheart go mbeadh an chéad chruinniú eile den choiste ar siúl an 15 Meitheamh 2020 agus, dá bhrí sin, beidh an tuarascáil deiridh réidh le scaipeadh ar chomhaltaí an choiste faoin 8 Meitheamh 2020. Mar gheall air sin, ba cheart go scaipfí an tuarascáil chríochnaithe ar chomhaltaí an Bhoird roimh dheireadh an lae gnó an 28 Bealtaine 2020 le haghaidh tuairimí agus ceadú trí nós imeachta i scríbhinn.

Go ginearálta, áfach, thug an Bord faoi deara go dteastaíonn athbhreithniú ón tuarascáil feidhmíochta, go háirithe maidir leis an bhformáid, agus gheall sé go soláthrófaí é sin le haghaidh thuarascáil na bliana 2020.

**14. Aon ghnó eile**

**Cumarsáid**

Thug an Bord faoi deara go raibh sé sásta leis an inlíon agus go raibh an-tógtha leis an ábhar agus leis an mbainistíocht ach thug sé faoi deara freisin go bhfuil sé dian ar na hacmhainní.

Thug an Bord faoi deara freisin go bhfuil gá méadaitheach ann le straitéis cumarsáide uile-Oifige a bheith ann, rud a luadh san athbhreithniú piaraí chomh maith. Sa timpeallacht nua oibre, baineann tuilleadh tábhachta le doiciméid scríofa agus tá seoladh físteachtaireachtaí á fhorbairt go hinmheánach le bogearraí a iarradh ó Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais (OGCIO). Mhol an Bord go lorgófaí comhairle sheachtrach maidir leis an gcumarsáid a athrú chun dáta agus go gcuirfí é sin ar áireamh mar chuid de ráiteas straitéise na hOifige 2021 – 2025.

**An ráiteas straitéise 2021 – 2025**

Thug an Bord faoi deara gur cheart ráiteas straitéise a bheith mar chuid den chlár oibre don chéad chruinniú eile.

**An t-athbhreithniú piaraí**

Thug an Bord faoi deara an tuarascáil ar an athbhreithniú piaraí, rud a rinne grúpa saineolaithe a bhfuil taithí fhairsing acu ar an leibhéal ardbhainistíochta i gcomhlachtaí iniúchóireachta earnála poiblí sa Ríocht Aontaithe, san Aontas Eorpach agus i gCeanada agus úsáid á baint as creat cuimsitheach ar fhorbair Eagraíocht Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúchóireachta é le haghaidh feidhmíocht oifigí náisiúnta iniúchóireachta. Chuir an Bord fáilte roimh fhionnachtana an Ghrúpa Athbhreithnithe Piaraí agus bhí siad sásta glacadh leis na moltaí go léir a rinneadh. Tabharfaidh an Rúnaí agus an Stiúrthóir Iniúchóireachta na moltaí ar aghaidh.

Tá moltaí cabhracha agus smaointe spreagúla curtha ar fáil ag an ngrúpa freisin maidir le roinnt réimsí a chuirfidh an Bord san áireamh agus ráiteas straitéise nua beartaithe á fhorbairt aige don tréimhse ón mbliain 2021 go dtí an bhliain 2025.

**An t-aonad cáilíochta agus caighdeán**

D'ullmhaigh an Stiúrthóir atá freagrach as an aonad cáilíochta agus caighdeán trí phlépháipéar le haghaidh aiseolais agus tuairimí ina leith:

- cur chuige athbhreithnithe maidir le cuibheas le haghaidh iniúchtaí na bliana 2020 agus ina dhiaidh sin,
- togra maidir le hathbhreithnithe dea-chleachtais, agus
- straitéis cumarsáide do chonraitheoirí a dhéileálann le hiniúchóireacht earnála poiblí.

Thug an Bord na trí pháipéar faoi deara agus chomhaontaigh sé gur cheart iad a cheadú go leictreonach, faoi réir aon aiseolais a gheofaí faoi dheireadh mhí an Mheithimh.

Thug an Bord faoi deara freisin an feasachán teicniúil athraithe chun dáta maidir le hiniúchóireacht airgeadais ar an éigeandáil sláinte agus cheadaigh sé é.

**Dátaí na gcéad chruinnithe eile**

Tionólfar na chéad chruinnithe eile go luath i mí Iúil agus i mí Dheireadh Fómhair agus déanfaidh rúnaí an Bhoird na dátaí sin a thabhairt chun críche agus a chur in áirithe.